II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) 2023/… ÓN gCOIMISIÚN

an 21 Meitheamh 2023

lena gceartaítear leaganacha áirithe teanga de Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rannpháirtíocht shaorálach eagraíochtaí i scéim Chomhphobail um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil (EMAS)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le rannpháirtíocht shaorálach eagraíochtaí i scéim Chomhphobail um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil (EMAS), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 761/2001, Cinneadh 2001/681/CE agus Cinneadh 2006/193/CE ón gCoimisiún ([1]), agus go háirithe Airteagal 48 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sna leaganacha Danmhairgise, Iodáilise, Liotuáinise, Polainnise agus Ungáirise d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009, tá earráid i bpointe 2, an chéad mhír, a mhéid a bhaineann leis an oibleagáid riachtanais agus ionchais ábhartha na bpáirtithe leasmhara a chinneadh, a athraíonn substaint na forála. Tá earráid sa leagan Polainnise den Iarscríbhinn sin freisin i bpointe 4.2., an tríú mír, a chúngaíonn raon feidhme na hoibleagáide a leagtar síos san fhoráil sin. Tugadh an dá earráid isteach le Rialachán (AE) 2017/1505 ón gCoimisiún ([2]).

(2) Dá bhrí sin, ba cheart na leaganacha Danmhairgise, Iodáilise, Liotuáinise, Polainnise agus Ungáirise d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 a cheartú dá réir. Ní dhéantar difear do na leaganacha teanga eile.

(3) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bhunú le hAirteagal 49 de Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009, a tugadh an 22 Nollaig 2016,

([1]) IO L 342, 22.12.2009, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) 2017/1505 ón gCoimisiún an 28 Lúnasa 2017 lena leasaítear Iarscríbhinní I, II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rannpháirtíocht shaorálach eagraíochtaí i scéim Chomhphobail um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil (EMAS) (IO L 222, 29.8.2017, lch. 1).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

(Ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge.)

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Meitheamh 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN